# POBLACHT NA H EIREANN.

# THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
# IRISH REPUBLIC
## TO THE PEOPLE OF IRELAND.

**IRISHMEN AND IRISHWOMEN :** In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and, supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face of the world, we hereby proclaim the Irish Republic as a Sovereign Independent State, and we pledge our lives and the lives of our comrades-in-arms to the cause of its freedom, of its welfare, and of its exaltation among the nations.

The Irish Republic is entitled to, and hereby claims, the allegiance of every Irishman and Irishwoman. The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities of all its citizens, and declares its resolve to pursue the happiness and prosperity of the whole nation and of all its parts, cherishing all the children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien government, which have divided a minority from the majority in the past.

Until our arms have brought the opportune moment for the establishment of a permanent National Government, representative of the whole people of Ireland and elected by the suffrages of all her men and women, the Provisional Government, hereby constituted, will administer the civil and military affairs of the Republic in trust for the people.

We place the cause of the Irish Republic under the protection of the Most High God, Whose blessing we invoke upon our arms, and we pray that no one who serves that cause will dishonour it by cowardice, inhumanity, or rapine. In this supreme hour the Irish nation must, by its valour and discipline and by the readiness of its children to sacrifice themselves for the common good, prove itself worthy of the august destiny to which it is called.

Signed on Behalf of the Provisional Government,
THOMAS J. CLARKE,
SEAN Mac DIARMADA, THOMAS MacDONAGH,
P. H. PEARSE, EAMONN CEANNT,
JAMES CONNOLLY, JOSEPH PLUNKETT.



# POBLACHT NA hÉIREANN.

# RIALTAS SEALADACH
# PHOBLACHT NA hEIREANN
## DO MHUINTIR NA hÉIREANN.

**A FHEARA AGUS A MHNÁ NA hÉIREANN :** In ainm Dé agus in ainm na nglún a chuaigh romhainn agus óna bhfuair sí a seantraidisiún mar náisiún, tá Éirinn, trínne, ag gairm a clainne faoina bratach agus ag bualadh buille ar son a saoirse.

Tar éis di eagar agus oiliúint a chur ar a cuid fear trí mheán a heagraíochta réabhlóidí rúnda, Bráithreachas Poblachtach na hÉireann, agus trí mheán a heagraíochtaí míleata oscailte, Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann, tar éis di a féinsmacht a fhoirbhiú go foighneach, tar éis di fanacht go seasmhach le teacht an lae chirt, beireann sí anois ar an bhfaill agus, le cabhair óna clann atá ar imirce i Meiriceá agus ó chomhghuaillithe calma san Eoraip, ach ag brath sa chéad áit ar a neart féin, buaileann sí agus lán-dóchas aici go mbainfidh sí an bua.

Dearbhaímid gur ceart ceannasach dochloíte é ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan srian. Níor chealaigh an forlámhas a d'imir muintir agus rialtas eachtrannach ar feadh i bhfad an ceart sin, ná ní féidir é a chealú go deo ach amháin trí dhíothú mhuintir na hÉireann. I ngach glún dhearbhaigh muintir na hÉireann a gceart chun saoirse agus flaitheas an náisiúin: sé huaire le trí chéad bliain anuas dhearbhaigh siad é faoi arm. Ag seasamh dúinn ar an gceart bunúsach sin agus á dhearbhú arís faoi arm os comhair an tsaoil, fógraímid leis seo Poblacht na hÉireann mar Stát Ceannasach Neamhspleách, agus cuirimid ár n-anam féin agus anam ár gcomrádaithe comhraic i ngeall lena saoirse, lena leas, agus lena móradh i measc na náisiún.

Tá ceart ag Poblacht na hÉireann ar dhílseacht fhir agus mhná na hÉireann, agus éilíonn sí an dílseacht sin. Ráthaíonn an Phoblacht saoirse chreidimh agus saoirse shibhialta, cearta cothroma agus deiseanna cothroma don uile shaoránach, agus fógraíonn sí gur rún di sonas agus séan an náisiúin go hiomlán agus an uile pháirt di a bhaint amach, í chomh ceanúil céanna ar chlann uile an náisiúin, agus gan beann aici ar na difríochtaí a chothaigh rialtas eachtrannach go cúramach agus a dheighil mionlach ón móramh san am atá thart.

Go mbaineann ár n-airm uain chaoithiúil amach le haghaidh bunú Rialtais bhuain Naisiúnta a bheidh ionadaíoch de mhuintir uile na hÉireann agus a thoghfar le vótaí a cuid fear agus ban uile, riarfaidh an Rialtas Sealadach a bhunaítear leis seo gnóthaí sibhialta agus míleata na Poblachta ar iontaobhas don phobal.

Cuirimid cúis Phoblacht na hÉireann faoi choimirce Dhia Mór na nUilechumhacht agus impímid a bheannacht ar ár n-airm, agus guímid nach dtarraingeoidh aon duine i seirbhís na cúise sin easonóir uirthi le meatacht, le mídhaonnacht, ná le slad. In uair seo na cinniúna ní foláir do náisiún na hÉireann, trína mhisneach agus a dhea-iompar, agus trí thoil a chlainne iad féin a íobairt ar son leas an phobail, a chruthú go dtuilleann sé an réim ró-uasal is dán dó.

Arna shíniú thar ceann an Rialtais Shealadaigh,

THOMAS J. CLARKE,
SEÁN MAC DIARMADA, THOMAS MacDONAGH,
P. H. PEARSE, ÉAMONN CEANNT,
JAMES CONNOLLY, JOSEPH PLUNKETT.